GO017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp SPANISH.ai 1 31/05/2022 12:04

# CÚISEANNA LE SCOIL LÁN-GHAEILGE A ROGHNÚ

# MOTIVOS PARA ELEGIR UNA GAELSCOIL



## Forléargas do Thuismitheoirí & Chaomhnóirí

## Información para Padres y Tutores







Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta


www.gaeloideachas.ie

G0017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp SPANISH.ai 2 31/05/2022 12:04

## Cad is scoil lán-Ghaeilge ann?

Is éard is scoil lán-Ghaeilge (Gaelscoil ann) ná bunscoil ina ndéantar an fhoghlaim agus na gníomhaíochtaí uilig trí mheán na Gaeilge. Tugtar tumoideachas air seo agus tá neart taighde déanta ar a bhuntáistí. Is féidir leis an oideachas lán-Ghaeilge breis deiseanna, eispéireas agus scileanna a thabhairt do do pháiste, beag beann ar an teanga a labhraíonn sibh sa bhaile. Bíonn daltaí na scoileanna lán-Ghaeilge líofa sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, agus is féidir leo léamh agus scríobh go cumasach sa dá theanga.







**Déanaimid teagasc ar dhaltaí ó gach cúlra teanga!**

## ¿Qué es una escuela de enseñanza en irlandés?

Una Gaelscoil es una escuela primaria en la que todas las asignaturas y actividades se imparten en irlandés. Esto se conoce como aprendizaje inmersivo y hay muchos estudios sobre sus beneficios. Independientemente del idioma que hablen en casa, la enseñanza en irlandés puede proporcionar a su hijo o hija oportunidades, experiencias y habilidades adicionales. El alumnado de las escuelas de enseñanza en irlandés habla fluidamente tanto el irlandés como el inglés y puede leer y escribir de manera competente en ambos idiomas al finalizar el ciclo educativo.

**¡Enseñamos a jóvenes de todos los perfiles lingüísticos!**





G0017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp SPANISH.ai 3 31/05/2022 12:04

## Éiteas na scoileanna lán-Ghaeilge

Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge fáilte roimh dhaltaí a thagann ó chúlraí éagsúla teanga, cultúir, creidimh agus socheacnamaíocha. Bíonn éitis chreidimh nó spioradálta éagsúla ag scoileanna lán-Ghaeilge, ag brath ar phátrún na scoile. Bíonn roinnt scoileanna **sainchreidmheach** (Caitliceach), roinnt eile **idirchreidmheach** (éiteas comhroinnte Caitliceach agus Protastúnach) agus bíonn scoileanna eile **ilchreidmheach** (ní dhéantar teagasc ar chreideamh ar leith). Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge béim ar an nGaeilge agus ar an oidhreacht, chomh maith le béim a chur ar rannphháirtíocht i réimse leathan de ghníomhaíochtaí cultúrtha a chuireann le foghlaim agus le heispéiris na ndaltaí.



Bom Dia! Guten Morgen!

Buna dimineata! Labas rytas!

Good Morning! Maidin mhaith!

Bonjour! Dzień dobry!

## ¿Cuáles son los valores de las escuelas de enseñanza en irlandés?

Las escuelas de enseñanza en irlandés aceptan estudiantes de todos los perfiles lingüísticos, culturales, religiosos y socioeconómicos. Tienen diferentes enfoques religiosos o espirituales en función de su patronato. Algunas son **confesionales** (católicas), otras **interconfesionales** (católicas y protestantes) y otras **multiconfesionales** (en las que no se imparte ninguna religión determinada). Hacen hincapié en el idioma y el patrimonio irlandés, así como en la participación en un amplio abanico de actividades culturales que mejoran las experiencias y el aprendizaje del alumnado.

G0017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp SPANISH.ai 4 31/05/2022 12:04

## Cad is tumoideachas ann?

Samhail atá sa tumoideachas a chabhraíonn le daltaí líofacht a fháil sa Ghaeilge go nádúrtha, trí thaithí laethúil a thabhairt dóibh i dtimpeallacht Ghaeilge. Ciallaíonn sé seo go ndéantar na hábhair uilig, seachas an Béarla, a theagasc trí mheán na Gaeilge. Cloiseann agus baineann na daltaí úsáid as an nGaeilge sa rang agus lasmuigh den rang, agus cabhraítear leo líofacht a bhaint amach trí rannpháirtíocht agus trí thimpeallacht lán-Ghaeilge a chothú. Labhraíonn na múinteoirí Gaeilge leis na daltaí ón gcéad lá. Ní bhíonn scoileanna lán-Ghaeilge ag súil go mbeidh Gaeilge ag chuile pháiste nuair a thosaíonn siad, ach cabhraíonn siad le páistí an Ghaeilge a shealbhú go han-tapa. Baintear úsáid as amhráin, rainn, drámaí, chomh maith le modhanna agus gníomhaíochtaí eile le cinntiú go dtuigeann na daltaí an múinteoir agus gur féidir leo cumarsáid a dhéanamh leis nó léi. Le himeacht ama, bainfidh na daltaí úsáid as an nGaeilge go nádúrtha. Léiríonn taighde agus torthaí ó scoileanna lán-Ghaeilge gur bealach éifeachtach é an tumoideachas le teangacha a fhoghlaim, agus go mbíonn dearcadh dearfach ag daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge i leith na teanga.

## ¿Qué es el aprendizaje inmersivo?

Es un modelo educativo que ayuda al alumnado a hablar fluidamente el irlandés de manera natural a través de la experiencia cotidiana de un entorno de habla irlandesa. Esto significa que todas las asignaturas, excepto Inglés, se imparten utilizando el irlandés como lengua vehicular. El alumnado escucha y usa el irlandés dentro y fuera del aula y se le ayuda a hablarlo de manera fluida a través de la participación y de la inmersión total. El profesorado habla en irlandés al alumnado desde el primer día. No se espera que los niños y niñas lo hablen al principio, pero eso les ayudará a desarrollarlo rápidamente. Para ello se emplean canciones, rimas, teatro y muchos otros métodos y actividades con el fin de garantizar que comprendan y puedan comunicarse con el profesorado. Con el tiempo, comenzarán a usar el irlandés naturalmente por sí mismos. Los estudios y los resultados de las escuelas de enseñanza en irlandés han demostrado que el aprendizaje inmersivo es una manera muy eficaz de aprender idiomas y el alumnado de estos centros tiene una actitud muy positiva hacia la lengua irlandesa.

GO017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp SPANISH.ai 5 31/05/2022 12:04

## Cad iad na buntáistí, mar sin?

Chomh maith leis na buntáistí acadúla agus cultúir a bhaineann leis an dátheangachas, déanann an t-oideachas lán-Ghaeilge tairbhe do dhaltaí ar neart bealaí eile.

- Buntáistí intleachta
- Líofacht & litearthacht in dhá theanga
- Scileanna cumarsáide
- Muinín & tuiscint féiniúlachta
- Buanna méadaithe san oideachas







## Entonces, ¿cuáles son los beneficios?



Además de las ventajas académicas y culturales de ser bilingüe, el alumnado se beneficia de muchas maneras de la enseñanza en irlandés.

- Ventajas intelectuales
- Hablar, leer y escribir en dos idiomas
- Habilidades de comunicación
- Confianza y sentimiento de identidad
- Mayores logros académicos

G0017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp SPANISH.ai 6 31/05/2022 12:04

## Buntáistí cognaíocha

Éiríonn le páistí smaoineamh ar bhealaí **níos cruthaithí**

**Scileanna cuimhne** níos fearr

Bíonn siad níos fearr **ag tabhairt airde, ag díriú ar thascanna** agus á gcur i gcrích

Léiríonn taighde gur féidir leis an dátheangachas moill cheithre bliana a chur ar ghalar Alzheimer



## Ventajas cognitivas

Puede ayudar a pensar de manera más creativa

Contribuye a mejorar la memoria

El alumnado está mejor capacitado para prestar atención, concentrarse en las tareas y completarlas

Los estudios han demostrado que ser bilingüe puede retrasar en cinco años la aparición del Alzheimer


## Líofacht agus litearthacht in dhá theanga

Forbraíonn páistí **líofacht** agus **litearthacht** sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon ar scoil

**Scileanna inaistrithe** iad seo gur féidir a chur i bhfeidhm i dteangacha eile

Tuiscint níos fearr dóibh ar na **bunchlocha teanga;** gramadach, déanamh focal, ord abairte

Níos éasca do na páistí **teangacha eile a fhoghlaim** leis na scileanna litearthachta atá sealbhaithe acu



## Hablar, leer y escribir en dos idiomas

El alumnado desarrolla la capacidad de hablar, leer y escribir tanto en irlandés como en inglés en la escuela

Las habilidades transferibles se pueden aplicar a otros idiomas

Mejor conocimiento de las bases del idioma; gramática, morfología, sintaxis

Mayor facilidad para aprender otros idiomas, gracias a las habilidades de lectura y escritura adquiridas a través del aprendizaje inmersivo

G0017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp SPANISH.ai 7 31/05/2022 12:04

**Scileanna éisteachta** agus **cumarsáide** níos éifeachtaí ag páistí

Níos fearr in ann **iad féin a chur in iúl,** agus níos fearr in ann daoine eile a thuiscint

## Scileanna Cumarsáide

Se desarrollan habilidades de escucha y comunicación más efectivas

El alumnado está mejor capacitado para expresarse y comprender a los demás

## Habilidades de comunicación

## Muinín agus féiniúlacht

Níos mó teagmhála ag na páistí le cultúir éagsúla agus bíonn **meas níos mó** acu orthu

Spreagtar **ilchultúrachas** níos doimhne agus níos lú ciníochais

Tuiscint níos fearr do na páistí ar a gcuid féiniúlachta féin — bíonn **féinmheas** níos mó acu

## Confianza e identidad

Se recibe una exposición más amplia a otras culturas y se desarrolla un mayor respeto por ellas

Se promueve un multiculturalismo más profundo y menos racismo

Se consigue una mejor comprensión de la propia identidad, lo que aporta una mayor autoestima



GO017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp SPANISH.ai 8 31/05/2022 12:04

## Gnóthachtáil san oideachas

**Gnóthachtáil níos airde** sa Bhéarla agus sa mhata araon ag páistí i scoileanna lán-Ghaeilge i gcomparáid lena bpiarghrúpa i scoileanna meán-Bhéarla

Is mó seans go gcuirtear **curaclam níos leithne** ar fáil i scoileanna lán-Ghaeilge ná mar a chuirtear ar fáil i scoileanna eile — Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

Is féidir go mbronnfar **marcanna breise** ar iarrthóirí a fhreagraíonn scrúdú scríofa Ardteiste trí Ghaeilge







## Mayor rendimiento académico

Mejores notas en exámenes estandarizados, tanto en Inglés como en Matemáticas, que el alumnado de escuelas que tienen el inglés como lengua vehicular

Las escuelas primarias de enseñanza en irlandés tienden a proporcionar planes de estudio más amplios que otros tipos de escuelas (ESRI)

En los exámenes escritos de algunas asignaturas de la prueba de acceso a la universidad *[Leaving Certificate]*, responder en irlandés puede recompensarse con puntos extra



# Ceisteanna coitianta

# Preguntas frecuentes

## Ní labhraímid Gaeilge sa bhaile, an féidir le mo pháiste freastal ar scoil lán-Ghaeilge?

Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge fáilte roimh dhaltaí ó chúlraí éagsúla teanga, daltaí a labhraíonn Gaeilge sa bhaile agus iad siúd nach labhraíonn. Tá neart scoileanna lán-Ghaeilge ann ina bhfuil líon mór daltaí nach labhraíonn Gaeilge sa bhaile. Tugtar idir thacaíocht agus spreagadh do na daltaí seo chun líofacht a bhaint amach sa Ghaeilge. Tugtar spreagadh do na teaghlaigh seo páirt a ghlacadh i saol na scoile chomh maith, agus tugtar tacaíocht dóibh le cinntiú go n-éiríonn lena bpáistí i scoil lán-Ghaeilge.

## En casa no hablamos irlandés, ¿puede mi hijo u hija asistir a una escuela que tenga ese idioma como lengua vehicular?

Las escuelas de enseñanza en irlandés aceptan estudiantes de todos los perfiles lingüísticos, hablen irlandés en casa o no. Muchas de ellas cuentan con un gran número de jóvenes que no tienen el irlandés como lengua nativa. A este grupo de estudiantes se les brinda mucho apoyo y ánimo para que consigan llegar a hablar irlandés de manera fluida. También se anima a las familias a participar en la vida escolar y se les apoya para que puedan ayudar a sus hijos e hijas a progresar en una escuela de enseñanza en irlandés.

## Ba bhreá liom bheith in ann cabhrú le mo pháiste lena obair bhaile. Cén chaoi ar féidir liom bheith páirteach?

Ní gá go mbeadh Gaeilge ag an tuismitheoir chun cabhrú le hobair bhaile an pháiste. Baineann tábhacht le spreagadh agus dearcadh dearfach i leith na teanga, mar sin féin. Bíonn tionchar ollmhór aige seo ar fhoghlaim agus ar rath na ndaltaí. Tuigeann múinteoirí nach mbíonn Gaeilge ar thoil na dtuismitheoirí uilig agus tugtar obair bhaile a théann siar ar a bhfuil déanta sa rang. Beidh do pháiste in ann an obair bhaile a mhíniú sa teanga a labhraíonn sibh sa bhaile.
Bíonn clubanna obair bhaile ag roinnt scoileanna tar éis an lá scoile chomh maith. Is féidir le Gaeloideachas liosta d'acmhainní áisiúla a thabhairt duit, ar féidir leat iad a úsáid sa bhaile.

Tá ár suíomh idirlín, www.irishforparents.ie ar fáil chomh maith chun cabhrú le tuismitheoirí leibhéal Gaeilge s'acusan a ardú, más maith leo. Cuireann roinnt scoileanna ranganna Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí, más maith leo freastal orthu. Cuireann leabharlanna agus eagraíochtaí áitiúla ranganna ar fáil chomh maith.

## Me encantaría poder ayudar a mi hijo o hija con los deberes. ¿Cómo puedo hacerlo?

Los padres no necesitan saber irlandés para ayudar con los deberes. Sin embargo, mostrar ánimo y una actitud positiva hacia el idioma y la escuela es algo muy importante. Esto tiene un impacto enorme en el rendimiento y el aprendizaje de los estudiantes. El profesorado es consciente de que muchos padres quizá no hablen irlandés y los deberes se asignan para repasar y reforzar lo aprendido en el horario lectivo. Su hijo o hija podrá explicarle los ejercicios que se le han asignado en el idioma que hablen en casa. Algunas escuelas también ofrecen clubes para hacer los deberes fuera del horario lectivo. Gaeloideachas también puede proporcionarle una lista de recursos útiles para usar en casa.

Nuestro sitio web (www.irishforparents.ie) está disponible para ayudar a mejorar el nivel de irlandés de los padres, si les interesa. Muchas escuelas de enseñanza en irlandés proporcionan clases de este idioma a los padres que quieran asistir, al igual que bibliotecas y otras organizaciones locales.

G0017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp SPANISH.ai 10 31/05/2022 12:04

## Cén chaoi a ndéanfaidh mo pháiste dul chun cinn sa Bhéarla?

Is léir ón taighde go mbíonn na scileanna céanna teanga agus litearthachta Béarla ag daltaí ó scoileanna lán-Ghaeilge is a bhíonn ag páistí i mbunscoileanna lán-Bhéarla. Ní dhéanann roinnt scoileanna lán-Ghaeilge teagasc ar an mBéarla go dtí Rang 1, ionas go mbeidh na bunscileanna Gaeilge ag na páistí i dtosach. Léiríonn taighde in Éirinn agus thar lear go n-aistrítear na scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a shealbhaíonn daltaí sa Ghaeilge go dtí an Béarla, is go dtarlaíonn sé seo go nádúrtha. Déanann sé seo éascaíocht ar fhoghlaim an Bhéarla. Léiríonn taighde go bhfuil daltaí na mbunscoileanna lán-Ghaeilge os cionn an mheáin i gcás léitheoireacht an Bhéarla, agus go bhfuil dearcadh níos dearfaí acu i leith na léitheoireachta.



## ¿Cómo progresará mi hijo o hija en inglés?

Los estudios indican claramente que el alumnado de las escuelas de enseñanza en irlandés desarrolla sus habilidades lingüísticas, de lectura y escritura en inglés al mismo nivel que el de escuelas que tienen el inglés como lengua vehicular. La mayoría de las escuelas pueden retrasar la enseñanza formal del inglés hasta 1.º para proporcionar antes al alumnado una base sólida de irlandés.

Estudios internacionales e irlandeses han demostrado que las habilidades de lectura y escritura adquiridas en irlandés se transferirán de manera natural al inglés. Esto hace que aprender inglés les resulte más fácil. Los estudios demuestran que el alumnado de las escuelas primarias de enseñanza en irlandés está por encima de la media nacional en cuanto a lectura en inglés y tiene una actitud más positiva hacia la lectura.





G0017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp SPANISH.ai 11 31/05/2022 12:04

## An bhfuil an t-oideachas lán-Ghaeilge oiriúnach do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?

Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge oideachas ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, idir riachtanais fhisiciúla agus riachtanais oideachais; páistí a bhfuil lagú radhairc nó éisteachta acu, páistí atá ar speictream an uathachais, páistí a bhfuil disléicse orthu agus iad le riachtanais speisialta oideachais eile. Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge an tacaíocht chéanna ar fáil is atá i scoileanna lán-Bhéarla. D'aithin tuairisc a rinne An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, a foilsíodh in 2011, go gcuireann an t-oideachas dátheangach le forbairt shóisialta, mhothúchánach agus idirphearsanta na ndaltaí.

Is í an cheist is tábhachtaí atá le cur agus scoil á roghnú agat do do pháiste ná 'an bhfuil na hacmhainní agus an taithí acu chun tacú le riachtanais mo pháiste – idir riachtanais foghlama agus riachtanais sonais?' Cuir ceist ar an scoil faoin tacaíocht is féidir leo a chur ar fáil bunaithe ar shainriachtanais an pháiste. Is féidir tuilleadh eolais a fháil inár rannóg a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais - www.gaeloideachas.ie/special-education/

## ¿La enseñanza en irlandés está indicada para criaturas con necesidades educativas especiales?

Las escuelas de enseñanza en irlandés suelen brindar educación a jóvenes con necesidades especiales —tanto físicas como educativas—, con discapacidad visual o auditiva, trastornos del espectro autista, dislexia u otras necesidades educativas especiales. Ofrecen el mismo apoyo para este colectivo de estudiantes que las escuelas de enseñanza en inglés. Un informe del Consejo Nacional para la Educación Especial publicado en 2011 reconoció que el aprendizaje bilingüe contribuye al crecimiento social, emocional e interpersonal del alumnado.

Lo más importante a la hora de elegir una escuela para su hijo o hija es si cuenta con los recursos y la experiencia para hacer frente a sus necesidades, tanto en términos de aprendizaje como de bienestar. Pregunte al centro sobre el apoyo que pueden brindar a su hijo o hija según sus necesidades individuales. Para más información, visite nuestra sección sobre necesidades educativas especiales en el sitio web de Gaeloideachas www.gaeloideachas.ie/special-education/

## Tacaíocht do Thuismitheoirí

Tá Gaeloideachas ann chun cabhrú leatsa agus le do pháiste ar aistear an oideachais lán-Ghaeilge. Táimid anseo má bhíonn cabhair nó comhairle uait!

- Abhcóideacht
- Físeáin ar neart topaicí bit.ly/GaeloidYT
- Bileoga eolais bit.ly/BolscGaeloid
- IrishforParents.ie
- Fóram Plé do Thuismitheoirí bit.ly/FbGaeloidTuis
- Cainteanna agus Seimineáir bit.ly/Seimineáir

## Apoyo para los padres

Gaeloideachas está aquí para ayudarles, tanto a usted como a su hijo o hija, en su trayectoria educativa en irlandés. Estamos aquí si necesita ayuda u orientación.

- Fomento
- Videos sobre temas diversos bit.ly/GaeloidYT
- Folletos informativos bit.ly/GaeloidPromo
- IrishforParents.ie
- Foro para padres bit.ly/FbGaeloidTuis
- Charlas y seminarios https://bit.ly/Cláraigh

## Fúinn

Eagraíocht náisiúnta is ea Gaeloideachas, a thacaíonn le forbairt an oideachais lán-Ghaeilge in Éirinn.

Bunaíodh Gaeloideachas faoin ainm Gaelscoileanna in 1973 chun tacú le Gaelscoileanna, idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Laistigh de chúraimí na heagraíochta anois tá soláthar seirbhísí tacaíochta do scoileanna Gaeltachta, naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht agus seirbhísí do thuismitheoirí.

Cuireann Gaeloideachas, comhairle, cabhair agus tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí ar mian leo oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí, chomh maith le seirbhísí tacaíochta agus abhcóideacht dóibh siúd atá ag obair in san earnáil.

## Quiénes somos

Gaeloideachas es una organización nacional de apoyo al desarrollo de la enseñanza en irlandés como lengua vehicular.

Fundada como Gaelscoileanna en 1973 para apoyar a las escuelas de enseñanza en irlandés, primarias y secundarias, fuera de las áreas de habla irlandesa *[Gaeltacht]*, en la actualidad el ámbito de la organización incluye la provisión de servicios de apoyo a escuelas de enseñanza en irlandés en las zonas de habla irlandesa, a centros preescolares de enseñanza en irlandés fuera de las zonas de habla irlandesa, así como a padres.

Gaeloideachas proporciona orientación, asistencia y apoyo a personas que desean que sus hijos e hijas reciban enseñanza en irlandés, así como servicios de apoyo y fomento para quienes trabajan en el sector.

Gorlann Ghnó na Forbacha
Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha, Co. na Gaillimhe

Halla Naomh Pádraig
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9, D09 K4P6, Éire

+353-1-853 5195
eolas@gaeloideachas.ie www.gaeloideachas.ie

@Gaeloideachas
@Gaeloid
@gaeloideachas

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta